



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016

STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(Ná cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

FOINSÍ

1. PICTIÚIR

PICTIÚR A1



Foinse: en.wikipedia.org

PICTIÚR A2



Foinse : en.wikipedia.org

PICTIÚR B



X

Y

Foinse: irelandyha.wordpress.com

PICTIÚR C



Foinse: www.nlm.nih.gov/nativevoices

Z

2. DOICIMÉID

DOICIMÉAD 1

Éalú príosúnaigh

Is scéal fíor é seo. Tharla sé sa bhliain 1798 nuair a bhí Beairic na Ginéive i seilbh shaighdiúirí na Breataine. Bhí cuid de na feirmeoirí sa chomharsanacht ag tarraingt aoiligh ó pháirc laistigh den imfhálú inar choinnigh na saighdiúirí a gcuid príosúnach. Lá amháin nuair a bhí duine de na príosúnaigh ag siúl timpeall an fhearrainn tháinig sé ar dhuine de na fir a bhí ag tabhairt an aoiligh chun bealaigh agus thosaigh siad ag caint. D'fhiafraigh an príosúnach den fhear oibre an bhféadfadh sé cabhrú leis éalú. Phleanáil siad é sa chaoi go ngearrfadadh an fear oibre poll in iochtar na cairte. D'imigh an fear oibre leis agus an lá ina dhiaidh sin bhuail sé leis an bpríosúnach arís. Chuaigh an príosúnach isteach sa chait agus luigh sé ar a bhéal faoi sa chaoi go bhféadfadh a aghaidh dul síos tríd an bpoll agus go mbeadh sé ábalta análú. Ansin lón an fear oibre an t-ualach aoiligh agus d'imigh sé leis. Nuair a shroich sé ceann scríbe d'fholhmaigh sé an t-aoileach agus d'éalaigh an fear.

Foinse: <http://www.duchas.ie/en/cbes/4428155/4382274/4451162>

DOICIMÉAD 2

Bré ina bhaile saoire cois trá sna 1940idí

Bhí an-tóir ar Bhré mar bhaile saoire cois trá sna 1940idí. Bhí sé gar do Bhaile Átha Cliath agus bhí líne iarnróid ag dul díreach isteach sa chathair uaidh. Mar gheall air sin bhí teaghlaigh ábalta teacht agus an lá a chaithéamh cois trá. Ar laethanta breátha i rith an tsamhraidh bhíodh an trá plódaithe le cuairteoirí agus bhíodh scuaine de chapaill agus de chairteacha lasmuigh den stáisiún traenach ag fanacht leo siúd nach raibh ag iarraidh an t-achar gearr go dtí an trá a shiúl.

Le linn dúinn a bheith ag siúl ar an bpromanáid agus ag dul i dtreo Cheann Bhré stopamar nuair a chualamar ceol agus chonaiceamar seánfhearr ina shuí ar shuíochán adhmaid agus é ag seinm fidle. Ba é sin an chéad uair a bhuail mé le fear dall. Chomh maith leis sin, ba é sin an chéad uair dom aon duine a fheiceáil ag seinm fidle. Chomh luath agus a chríochnaigh an port chuir m'athair roinnt airgid i mbosca stáin an cheoltóra. Labhair sé i nGaeilge leis an seánfhidhléir agus mhothaigh mé go gcaithfidh sé gur bhuail siad le chéile uair eigin roimhe sin. Ar an mbealach abhaile fuair mé amach gurbh as Contae Chorcaí an fear agus go ndearna sé an turas go Bré gach samhradh chun ceol a sheinm in aice na farraige.

Foinse: Éamon de Buitléar, “A Life in the Wild” (Baile Átha Cliath, 2004), lgh.22-3